Coimisiún na Meán

# Treoir D’Aighneachtaí:

# LÉIRIÚ INTINNE

## Do Chonradh Craolacháin Fuaime d’fhonn seirbhísí áitiúla a sholáthar i gCathair agus Contae Chorcaí

Dáta Foilsithe: 10 Meitheamh 2024

Spriocdháta d’Aighneachtaí: : 8 Iúil 2024

# Réamhrá

**1.1** Tá an conradh craolacháin fuaime d'fhonn dhá sheirbhís 1) Seirbhís Áitiúil Leathanfhormáide don lucht éisteachta aosach; agus 2) Seirbhís Áitiúil Tiomanta ar Cheol don aoisghrúpa 25-44 bliain d'aois, a sholáthar ar an mbanda FM sa limistéar saincheadúnais Cathair agus Contae Chorcaí ("an Conradh") atá ag County Media Limited faoi láthair agus ag craoladh mar 1) C103 agus 2) Cork's 96 FM le dul in éag ar an 30 Aibreán 2025.

**1.2** I gcomhréir le halt 65(6) den Acht Craolacháin 2009 arna leasú ("An tAcht 2009"), chuir Coimisiún na Meán ("an Coimisiún") fógra isteach i nuachtán náisiúnta agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin www.cnam.ie, ar an 21 Márta 2024 ag lorg léirithe spéise don Chonradh. Faoin dáta deiridh 20 Bealtaine 2024, ní bhfuarthas ach aon léiriú spéise amháin ón gconraitheoir reatha, County Media Limited.

**1.3** Mheas an Coimisiún an léiriú spéise ag a chruinniú ar an 6 Meitheamh 2024. Mheas an Coimisiún gur ionann an freagróir agus sealbhóir reatha an chonartha craolacháin fuaime agus go raibh an léiriú spéise déanta le dea-intinn. Sna cúinsí seo, rinne an Coimisiún cinneadh an próiseas iarratais mhear faoin alt 67(2) den Acht 2009 a ghairm.

**1.4** Dá réir sin, ar an 10 Meitheamh 2024 chuir an Coimisiún fógra poiblí isteach i nuachtán[1] atá ar fáil sa limistéar saincheadúnais, agus ar a shuíomh gréasáin, chun a rún a chur in iúl an próiseas iarratais mhear a ghairm don Chonradh.

**1.5** Ní mór do fhreagróirí a d'fhéadfadh a bheith ann aighneacht a dhéanamh faoin spriocdháta, **12 meán lae ar an 8 Iúil 2024,** ag maíomh gur mian leo iarratas a chur isteach don Chonradh ("Léiriú Intinne").

**1.6** Ní mór éarlais **€20,000** a chur isteach leis an fhoirm Léiriú Intinne comhlánaithe, éarlais atá in-aisíoctha má tá iarratas curtha isteach ina dhiaidh sin chuig an gCoimisiún de bhun cuiridh chun iarratais don Chonradh a eisíodh faoin alt 65(8) den Acht 2009.

**1.7** Ní mór an fhoirm Léiriú Intinne a chur isteach san fhormáid a shonraítear i Mír 2 den doiciméad seo.

**1.8** Má fhaigheann an Coimisiún foirm Léiriú Intinne comhlánaithe agus an éarlais riachtanach, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh iarratais a iarraidh don Chonradh. Má eisíonn cuireadh chun bronnta conartha, bainfidh tréimhse 10 (deich) mbliana leis an gconradh a bheidh á dheonú.

**1.9** Tá treoir tháscach maidir le hiarratas a dhéanamh do chonradh craolacháin fuaime tráchtála ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiún nó trí iarratas ríomhphost a chur chuig licensing@cnam.ie dóibh siúd atá ag smaoineamh ar fhoirm Léiriú Intinne comhlánaithe a chur isteach agus a d'fhéadfadh a bheith ag cur iarratais isteach don Chonradh faoin bpróiseas iomaíoch ag alt 65(8) den Acht 2009.

[1] The Irish Examiner.

**1.10** Tar éis an Coimisiún a bheith ag plé le léirithe intinne a fuarthas agus ag cinneadh an chéad chéim eile sa phróiseas, is féidir léiriú intinne a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

# Nósanna Imeachta chun Léiriú Intinne a chur Isteach

**2.1** Tá foirm léirithe intinne ar fáil do fhreagróirí a d'fhéadfadh a bheith ann ar shuíomh gréasáin www.cnam.ie, nó ar fáil ach í a iarraidh ar an gCoimisiún ag (01) 644 1200 nó licensing@cnam.ie. Má roghnaíonn tú gan an fhoirm a úsáid, cinntigh le do thoil go gcloíonn d'aighneacht leis an bhformáid atá leagtha amach anseo thíos agus go bhfuil an fhaisnéis ar fad faoi iamh san aighneacht.

Trí aighneacht Léirithe Intinne a dhéanamh tá tú ag dearbhú an mhéid seo a leanas don Choimisiún:

- gur léigh tú agus go dtuigeann tú an *Treoir d'Aighneachtaí: Léiriú Intinne do Chonradh Craolacháin Fuaime d'fhonn seirbhísí áitiúla a sholáthar i gCathair agus Contae Chorcaí.*
- gur íocadh éarlais €20,000 isteach sa chuntas bainc an Choimisiúin; agus
- go dtoilíonn tú go gcuirfear do fhoirm um Léirithe Intinne ar fáil don phobal.

**2.2.** Is í seo a leanas formáid an fhoirm um Léirithe Intinne:

**2.2.1** Freagróir:
(a) Tabhair sonraí ar an duine/eintiteas atá ag déanamh an léirithe le do thoil.
(b) Cuir do shonraí teagmhála ar fáil, le do thoil (duine teagmhála, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist).

**2.2.2** Mionsonraí an Chonartha Craolacháin Fuaime:
(a) Aimnigh an limistéar lena bhaineann an Conradh, is é sin **Cathair agus Contae Chorcaí.**
(b) Cur síos ar na seirbhísí craolacháin fuaime, is é sin 1**) Seirbhís Áitiúil i bhformáid leathan don lucht éisteachta aosach; agus 2) Seirbhís Áitiúil Tiomanta ar Cheol don aoisghrúpa 25-44 bliain d'aois.**

**2.2.3** Mionsonraí an Léirithe Intinne:
Seo é a leanas an téacs le bheith mar Léiriú Intinne:

*Deimhním [cuir ainm isteach] thar ceann [cuir ainm an pháirtí isteach, páirtí atá ag cur léiriú intinne isteach] leis seo go bhfuil sé de rún ag [cuir ainm an pháirtí isteach, páirtí atá ag cur léiriú intinne isteach] iarratas a chur isteach do chonradh craolacháin fuaime d'fhonn an dá sheirbhís: 1 ) Seirbhís Áitiúil i bhforrmáid leathan don lucht éisteachta aosach; agus 2) Seirbhís Áitiúil Tiomanta ar Cheol don aoisghrúpa 25-44 bliain d'aois, a sholáthar ar an mbanda FM sa limistéar saincheadúnais Cathair agus Contae Chorcaí. Deimhním chomh maith gur íocadh éarlais €20,000 isteach sa chuntas bainc an Choimisiúin.*

**2.2.3** Ní mór duit an fhoirm Léiriú Intinne a **shíniú agus dáta a chur leis**.

**2.3** Ní mór an Fhoirm um Léirithe Intinne sínithe agus dátaithe a bheith istigh ag an gCoimisiún faoi **12 meán lae 8 Iúil 2024** agus is féidir é a chur isteach trí ríomhphost chuig licensing@cnam.ie nó tríd an bpost nó de láimh chuig:

**Oisín Kelly,** Deonú Conarthaí,
Coimisiún na Meán,
1 Áras Shíol Bhroinn,
Bóthar Shíol Bhroinn,
Baile Átha Cliath 4, D04 NP20

**2.4** Íocaíocht Éarlaise Airgid:

**2.4.1** Ní mór íocaíocht na héarlaise airgid €20,000 a bheith istigh i gcuntas bainc an Choimisiúin faoi dháta deiridh **8 Iúil 2024.**

**2.4.2** Tá mionsonraí cuntais bhainc maidir le híocaíocht na héarlaise airgid mar seo a leanas:

AIB
1 – 4 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2
Ainm an chuntais: Coimisiún na Meán
IBAN: IE43AIBK93101268283086
BIC Code: AIBKIE2D
Cód: 93-10-12
Uimhir chuntais: 68283086

**2.4.3** Ní mór go gcuirtear eolas leis na mionsonraí íocaíochta chun an freagróir a aithint, amhail ainm an fhreagróra. Dá réir sin, ní mór don fhreagróir a dheimhniú go gcuireann a bhanc eolas leis an ríomhaistriú a aithníonn go soiléir gur íocadh an íocaíocht thar ceann an fhreagróra.

**Coimisiún na Meán,**
1 Áras Shíol Bhroinn,
Bóthar Shíol Bhroinn,
D04 NP20
www.cnam.ie / licensing@cnam.ie
+353 1 6441200

Coimisiún na Meán